



Coimisiún na hÉireann um Chearta
an Duine agus Comhionannas
Irish Human Rights and Equality Commission

Teideal an Phoist: Oifigeach Beartais um Míchumas

Grád: Oifigeach Riaracháin

Spríodhata: Dé Céadaoin 3 Meitheamh 2026 1 i.n.

Is é Osborne Recruitment a bheidh i gceannas ar an iomaíocht seo thar ceann Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas faoi cheadúnas ón gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí i gcomhréir leis an gCód Cleachtais le haghaidh Ceapacháin i bPoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí

Bealtaine 2026

Published by the Irish Human Rights and Equality Commission.

Copyright © Irish Human Rights and Equality Commission 2026

The Irish Human Rights and Equality Commission was established under statute on 1 November 2014 to protect and promote human rights and equality in Ireland, to promote a culture of respect for human rights, equality and intercultural understanding, to promote understanding and awareness of the importance of human rights and equality, and to work towards the elimination of human rights abuses and discrimination.

Clár Ábhar

An Post	1
Comhdheiseanna.....	1
Cúlra.....	2
Ár gCuid Luachanna	4
Achoimre ar an Ról.....	5
An Taithí agus na Tréithe Pearsanta atá Riachtanach	6
Incháilitheacht chun dul san Iomaíocht agus Sriantha Áirithe ar incháilitheacht.....	8
Príomhchoinníollacha Seirbhíse.....	10
Sicréideacht, Rúndacht agus Caighdeáin Iompair:	15
Aoisliúntas agus Scor	15
Coinníollacha Eile Fostaíochta	19
Conas Iarratas a Dhéanamh.....	20
Cearta Iarratasóirí - Nósanna Imeachta Athbhreithnithe agus Gearán maidir leis an bPróiseas Roghnúcháin	23

An Post

Teideal an phoist:	Oifigeach Beartais um Míchumas
Grád:	Oifigeach Riaracháin
Tionacht:	Buan
Údarás Fostaíochta:	Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
Suíomh:	16 – 22 Sráid na Faiche, Baile Átha Cliath 7
Saoire Bhliantúil:	25 lá sa bhliain (ag ardú go 29 lá tar éis 5 bliana seirbhíse, 30 lá tar éis 10 mbliana seirbhíse)
Obair Hibrídeach	Beidh ar an iarratasóir rathúil freastal ar an oifig 2 lá ar a laghad in aghaidh na seachtaine agus is féidir leo leas a bhaint as cianobair suas le 3 lá in aghaidh na seachtaine faoi réir riachtanais ghnó agus faoi réir bheartas oibre cumaisc Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (CÉCDC).
Suíomh idirlín na hEagraíochta:	www.ihrec.ie

Comhdheiseanna

Is é ár gcuispóir é ag CÉCDC cearta an duine agus an comhionannas a chur chun cinn agus a chosaint in Éirinn agus cultúr measa ar chearta an duine, ar chomhionannas agus ar thuiscint idirchultúrtha a chothú sa Stát. Mar chomhlacht poiblí tá freagracht orainn comhionannas a chur chun cinn, idirdhealú a chosc agus cearta an duine maidir lenár bhfostaithe, ár gcustaiméirí, ár n-úsáideoirí seirbhíse agus gach duine a bhfuil tionchar ag ár mbeartais agus ár bpleananna orthu a chosaint. Dá bhrí sin, spreagaimid iarratais go háirithe ó iarratasóirí ar dóigh dóibh a bheith faoi ghannionadaíocht inár bhfórsa saothair faoi láthair. Áirítear leis sin daoine ó chúlraí Gorma, Áiseacha agus ó mhionlaigh eitneacha, ón Lucht Siúil, ó dhaoine faoi

mhíchumas, daoine LADTIAÉ+ agus iad siúd a bhfuil taithí saoil acu ar an gcóras ceartais choiriúil. Cuirfear Cóiríocht Réasúnta ar fáil, más gá, le linn an phróisis sin. Chun cóiríocht réasúnta faoi rún a phlé agus a iarraidh déan teagmháil le accessihrec@osborne.ie

Cúlra

Is éard is Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (CÉCDC) ann ná an institiúid náisiúnta atá freagrach as cearta an duine agus comhionannas. Bunaíodh é i mí na Samhna 2014 faoi Acht Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, agus an sainordú seo a leanas aige:

- › Cearta an duine agus comhionannas a chosaint agus a chur chun cinn.
- › Forbairt cultúir a spreagadh ina léireofar meas ar chearta an duine, ar chomhionannas agus ar thuiscint idirchultúrtha sa Stát.
- › Tuiscint agus feasacht a chothú maidir leis an tábhacht a bhaineann le cearta an duine agus comhionannas sa Stát.
- › An dea-chleachtas a spreagadh ó thaobh caidreamh idirchultúrtha de, caoinfhulaingt agus glacadh le hilchineálacht a chur chun cinn sa Stát, mar aon le meas ar shaoirse agus ar dhínit gach aon duine, agus,
- › Oibriú ar mhaithe le deireadh a chur le treascairtí ar chearta an duine, idirdhealú agus iompar coiscthe.

Is iad comhaltaí an Choimisiúin, arna gceapadh ag an gCeann Stáit, an tUachtarán Catherine Connolly, a chinneann straitéis agus beartas CÉCDC ar bhonn neamhspleách. Is léiriú maith ar chineál na sochaí in Éirinn í comhaltacht éagsúil an Choimisiúin.

Tá ár gcuid oibre idir oibriú ar leibhéal an bheartais agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht dhlí, bheartas agus chleachtas chearta an duine agus an chomhionannais sa Stát agus laistigh de chomhlachtaí poiblí, agus oibriú le pobail agus leis an tsochaí shibhialta chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar thaithí fhíorshaoil daoine ar chearta an duine agus ar chomhionannas i gcleachtas. Agus muid ag tabhairt aghaidh ar ábhar imní an duine aonair, i mbun plé leis an rialtas nó le comhlachtaí poiblí ar shaincheisteanna beartais agus cleachtais nó ag méadú feasachta i measc an phobail ar chearta an duine agus ar an

gcomhionannas, is é an misean atá romhainn sochaí chothrom chuimsitheach a thógáil a chosnaíonn cearta an duine agus an comhionannas in Éirinn agus a dhéanann iad a chur chun cinn.

Tá Stiúrthóir an Choimisiúin freagrach as ceannasaíocht agus as bainistiú na foirne i soláthar obair CÉCDC de réir straitéis agus bheartais an Choimisiúin. Oibríonn foireann an Choimisiúin i sé fhoireann faoi láthair: Beartas agus Taighde, Rannpháirtíocht Straitéiseach, Dlí, Faireachán agus Comhlíonadh, Seirbhísí Corparáideacha agus Oifig an Stiúrthóra. Státseirbhísigh ar fónamh sa Stát is ea foireann bhuan an Choimisiúin.

Foireann Faireacháin agus Comhlíonta IHREC

Tá an Fhoireann Faireacháin agus Comhlíonta i gceannas ar an obair a bhaineann le sainorduithe reachtúla IHREC, lena n-áirítear sainorduithe i réimsí an mhíchumais, frithgháinneála ar dhaoine, na hintleachta saorga, agus sainordú féideartha maidir le faireachán ar choinneáil.

Tá folúntas ann d'Oifigeach Riaracháin (Oifigeach Beartais um Mhíchumas) san Aonad um Choinbhinsiún ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (CRPD).

Aonad an Choinbhinsiúin ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (CRPD)

Is é IHREC Meicníocht Neamhspleách Faireacháin na hÉireann ('IMM') don Choinbhinsiún de chuid na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas ('UNCRPD'), mar a fhoráiltear faoi Airteagal 33 den UNCRPD.

I ról IHREC mar an IMM, cuirimid cur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin chun cinn, déanaimid é a chosaint agus déanaimid faireachán air.

Tá aonad CRPD na Foirne Faireacháin agus Comhlíonta i gceannas ar obair IHREC mar an Meicníocht Neamhspleách Faireacháin, ag déanamh faireacháin ar chur i bhfeidhm an UNCRPD ag an Stát, arna threorú ag Coiste Comhairleach Míchumais IHREC, an tsochaí shibhialta, eagraíochtaí daoine faoi mhíchumas, agus daoine faoi mhíchumas féin. Déanann an fhoireann taighde agus anailís beartais a sheoladh agus a choimisiúnú, bailíonn agus déanann sí anailís ar shonraí agus ar fhaisnéis, agus bíonn sí i dteagmháil le páirtithe

leasmhara maidir le cur i bhfeidhm an UNCRPD. Soláthraíonn an fhoireann an Rúnaíocht do Choiste Comhairleach Míchumais an Choimisiúin.

Faoi alt 10(2) d'Acht Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014, is é an Coimisiún an Meicníocht Neamhspleách Faireacháin ('IMM') d'Éirinn, mar a fhoráiltear faoi Airteagal 33 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas ('UNCRPD').

Ár gCuid Luachanna

Tá an bealach a oibrímid i CÉCDC á threorú ag luachanna na hearnála poiblí agus na heagraíochta araon a threoraíonn ár n-iompraíocht aonair agus chomhchoiteann agus ár gcinnteoireacht. Is iad a leanas ár gCuid Luachanna

Neamh-Idirdhealú agus Comhionannas - Geallaimid tacú le daoine a bhfuil na bacainní is mó ar cheartas rompu mar chuid de chosaint chearta an duine agus comhionannais do chách.

Meas - Cothaímid meas agus muinín trí luach a chur ar rannchuidiú agus tionscnamh gach duine laistigh dár n-eagraíocht agus iad siúd a mbímid ag obair leo. Agus meas againn ar an muinín a chuirtear ionainn, déanaimid ár gcuid oibre de réir na gcaighdeán gairmiúil is airde.

Neamhspleáchas - Is mór againn ár neamhspleáchas agus bímid gníomhach, sa chás nach féidir le daoine eile é sin a dhéanamh i gcónaí, ar mhaithe le cearta an duine, comhionannas agus tuiscint idirchultúrtha a chur chun cinn. Déanaimid beart bunaithe ar an bhfianaise den chaighdeán is airde agus ar chinnteoireacht láidir.

Cuntasacht - Táimid tiomanta go hiomlán do luachanna na hoscailteachta, na trédhearcachta agus na cuntasachta do na daoine agus don Oireachtas.

Rannpháirtíocht - Aithnímid neamhspleáchas pearsanta agus féinchinntiúchán gach sealbhóir ceart agus na n-iompróirí dualgais go léir. Táimid tiomanta do dhearcadh daoine eile a chloisteáil agus foghlaim uathu.

Freagrúil - Táimid freagrúil do dheiseanna chun ár misean a chur chun cinn, agus cinntímid go dtacaíonn ár rialachas, ár n-acmhainní agus ár mbealaí oibre leis an gcur chuige sin.

Comhoibriú - Comhoibrímid ar fud agus lasmuigh den eagraíocht ionas go mbímid ag gníomhú go pras agus go héifeachtach.

Achoimre ar an Ról

Beidh ról tábhachtach ag an **Oifigeach Riaracháin (Beartas Míchumais)** i bhFoireann Beartais agus Taighde CÉCDC agus beidh ról lárnach aige maidir le cuidiú le CÉCDC feabhas a chur ar an mbonn fianaise maidir le cearta an duine agus comhionannas a bhaineann le taighde agus sonraí. Seachadfaidh an sealbhóir ról aschuir fhianaisebhunaithe a chomhlíonann na caighdeáin is airde agus a chuirtear i láthair ar bhealach éifeachtach a imríonn tionchar. Cuid lárnach den ról sin is ea tacú leis an bhFoireann Beartais agus Taighde chun Ráiteas Straitéise CÉCDC (2025-2027) a sheachadadh.

I measc na bpríomhfhreagrachtaí maidir leis an ról beidh an méid a leanas:

- › Bainistiú ar sholáthar, ar thaighde agus ar dhréachtú tuarascálacha cuimsitheacha faireacháin agus tuarascálacha téamacha ar chearta daoine faoi mhíchumas in Éirinn agus ar chomhlíonadh an UNCRPD;
- › Aschuir ardchaighdeáin a ullmhú ar chearta daoine faoi mhíchumas agus ar chomhlíonadh an UNCRPD, lena n-áirítear coimrithe beartais, cur i láthair, comhfhreagras agus aighneachtaí;
- › Moltaí reachtaíochta a scrúdú, taighde agus anailís dhlí a dhéanamh, agus breathnuithe a dhréachtú ó pheirspictíocht IHREC mar an Meicníocht Neamhspleách Faireacháin don UNCRPD;
- › Sonraí ar mhíchumas a bhailiú agus a anailísiú, agus iad a úsáid chun anailís beartais a threorú agus chun faireachán IHREC ar an UNCRPD a chur chun cinn;
- › Dul i ngleic le príomhpháirtithe leasmhara ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear Eagraíochtaí Daoine faoi Mhíchumas, daoine faoi mhíchumas, grúpaí sochaí sibhialta, comhlachtaí reachtúla agus oifigigh shinsearacha; agus
- › Tacú le hobair an fhoirne Faireacháin agus Comhlíonta i gcoitinne ar bhealach solúbtha agus réamhghníomhach.

Níor cheart breathnú ar na freagrachtaí a leagtar amach thuas mar réimsí cuimsitheacha ó thaobh raon feidhme de agus féadfar cur leo nó iad a athrú de réir mar is gá, i gcomhréir le riachtanais CÉCDC.

An Taithí agus na Tréithe Pearsanta atá Riachtanach

Riachtanach:

Ní mór d'iaratasóirí na nithe seo a leanas a bheith acu ar an **3 Meitheamh 2026** nó roimhe sin:

- › Cáilíocht ábhartha dlí tríú leibhéal ar Leibhéal 8 nó níos airde sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí nó a chomhionann i dtaighde eolaíochta sóisialta, i gcearta an duine, i gcomhionannas nó i ndisciplín gaolmhar;
- › Eolas maith oibre ar chaighdeáin agus ar chreataí idirnáisiúnta (na Náisiún Aontaithe), réigiúnacha (na hEorpa) agus intíre (na hÉireann) maidir le cearta an duine agus comhionannas;
- › Eolas ar an UNCRPD agus taithí ar obair a bhaineann le cearta daoine faoi mhíchumas;
- › Fianaise ar chumas anailís chriticiúil, meastóireacht agus sintéisiú a dhéanamh ar fhianaise i raon formáidí (téacs, staidrimh) ó fhoinsí éagsúla d'fhonn aschuir fhianaisebhunaithe a ullmhú;
- › Fianaise ar thaithí i dtaighde eolaíochta sóisialta agus i dtionscadail sonraí;
- › Sárscileanna dréachtaithe;
- › Sárscileanna idirphearsanta agus cumarsáide ag obair le saineolaithe teicniúla agus neamhtheicniúla;
- › Sárscileanna eagrúcháin, riaracháin agus TF.
- › A léiriú go bhfuil na príomhchumais de chuid post poiblí acu a shaináithnítear le haghaidh feidhmíocht éifeachtach ar leibhéal an **Oifigigh Riaracháin**, is iad sin:

Ullmhacht don Todhchaí a Thógáil

- › Fócas Digiteach, Nuálaíocht agus Uasoiliúint don Todhchaí

- › Feasacht agus Athrú Straitéiseach

Seachadadh atá mar bhonn eolais ag Fianaise

- › Barr Feabhais a Sheachadadh
- › Anailís, Breithiúnas agus Cinnteoireacht

Treorú agus Cumhachtú

- › Ceannaireacht, Spreagadh agus Forbairt
- › Ag treorú le Sainléargas

Cumarsáid agus Comhoibriú

- › Cumarsáid agus Tionchar a imirt
- › Teagmháil agus Comhoibriú

TÁBHACHTACH :- Is riachtanais riachtanacha iad na Príomhchumais maidir le feidhmíocht éifeachtach ar an leibhéal seo a dtugtar tuairisc mhionsonraithe orthu ag <https://www.publicjobs.ie/en/information-hub/capability-framework/administrative-officer>

Riachtanais atá Inmhianaithe don Ról:

- › Máistreacht sa dlí, i gcearta an duine, sa chomhionannas nó i ndisciplín ghaolmhar agus/nó cáilíocht ghairmiúil dlí (aturnae nó abhcóide);
- › Cumas oibriú faoi bhrú agus cloí le spriodhataí dochta;
- › Cumas oibriú ar a thionscnamh féin, mar chuid d'fhoireann ildisciplíneach agus foirne tionscadail a threorú, lena n-áirítear trasfheidhmeanna agus sainorduithe éagsúla;
- › Scileanna bainistíochta tionscadail.

Incháilitheacht chun dul san Iomaíocht agus Sriantha Áirithe ar incháilitheacht

Riachtanais maidir le Saoránacht

Ní mór d'iarratasóirí incháilithe na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:

- (a) A bheith ina saoránach den Limistéir Eorpach Eacnamaíoch. Tá an LEE comhdhéanta de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó
- (b) A bheith ina saoránach de chuid na Ríochta Aontaithe (RA); nó
- (c) A bheith ina saoránach de chuid na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó
- (d) A bheith ina saoránach nach saoránach LEE iad a bhfuil víosa stampa 4¹ nó víosa stampa 5 acu;

Le bheith incháilithe ní mór d'iarratasóirí ceann amháin de na critéir shaoránachta thuas a shásamh faoi dháta tairisceana an phoist.

Scéim Luathscoir Dhreasaithe (SLD)

Is coinníoll é den Scéim Luathscoir Dhreasaithe (SLD), mar a leagtar amach i gCiorclán 12/09 ón Roinn Airgeadais, go bhfuil toirmeasc ar dhaoine a théann ar scor faoin Scéim sin cur isteach ar phost eile san fhostaíocht nó san earnáil chéanna. Dá bhrí sin, níl cead ag an duine sin atá ar scor iarratas a dhéanamh agus na sriantha sin fós i bhfeidhm.

Ciorclán ón Roinn Sláinte agus Leanaí (7/2010)

I gCiorclán 7/2010 ón Roinn Sláinte 7/2010 dar dáta an 1 Samhain 2010 tugadh isteach Scéim Spriocdhírithé um Luathscor Deonach (VER) agus Scéimeanna Iomarcaíochta Deonaí (VRS). Tá sé mar choinníoll den Scéim Spriocdhírithé um Luathscor Deonach nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an scéim i dteideal a bheith fostaithe arís in earnáil na sláinte poiblí nó sa tSeirbhís Phoiblí i gcoitinne nó i bhforas a fhaigheann cistiú i bpáirt nó go hiomlán ó airgead poiblí. Tá feidhm ag an toirmeasc céanna maidir le hathfhostaíocht faoin Scéim Iomarcaíochta Deonaí, ach amháin go maireann an toirmeasc go ceann 7 mbliana.

¹Tabhair do d'aire go nglactar le cead 50 CAE, a tháinig in ionad Stampa 4EUFAM tar éis Brexit, mar stampa comhionann le Stampa 4.

Níl duine ar bith a ghlac páirt sa Scéim Spriocdhírithé um Luathscor Deonach incháilithe le cur isteach ar an iomaíocht seo. Maidir le daoine a bhain leas as Scéim Iomarcaíochta Deonaí, agus a d'fhéadfadh a bheith rathúil sa chomórtas seo beidh orthu a n-incháilitheacht a chruthú (tréimhse éaga na neamh-incháilitheachta).

Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Fostaithe sa tSeirbhís Phoiblí

De bhun litir dar dáta an 28 Meitheamh 2012 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chuig Oifigigh Phearsanra, tugadh isteach Comhaontú Comhchoiteann, le héifeacht ón 1 Meitheamh 2012, a comhaontaíodh idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Comhdháil na gCeardchumann maidir le híocaíochtaí Iomarcaíochta ex gratia le Fostaithe sa tSeirbhís Phoiblí. Tá sé mar choinníoll den Chomhaontú Comhchoiteann nach mbeidh daoine a ghlacann leis an gcomhaontú i dteideal athfhostaíochta arís sa tseirbhís phoiblí ó aon chomhlacht seirbhíse poiblí (mar a shainmhínítear sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail, 2009-2011) ar feadh tréimhse 2 bhliain ón am a tháinig deireadh leis an bhfostaíocht. Daoine a bhain leas as an scéim sin agus a bhféadfaí go n-éireofaí leo sa chomórtas seo, beidh orthu a chruthú go bhfuil siad incháilithe (is é sin, go bhfuil an tréimhse neamh-incháilitheachta in éag).

Ciorclán 102/2007 ón Roinn Oideachais agus Scileanna maidir leis an Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí

Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna isteach Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí. Tá sé mar choinníoll den Scéim Luathscoir seachas i gcásanna a leagtar amach in alt 10.2 agus 10.3 den chiorclán cuí agus sna cásanna sin amháin, má ghlacann múinteoir le luathscor faoi Shraitheanna 1, 2 nó 3 den scéim sin agus má fhostaítear iad ar dhóigh ar bith i réimse ar bith san earnáil phoiblí, go gcuirfear stad láithreach le híocaíocht phinsin don duine sin. Cuirfear tús arís le híocaíochtaí pinsin áfach nuair a chríochnóidh fostaíocht dá leithéid nó nuair a shlánóidh an duine 60 bliain d'aois, cibé acu is déanaí, ach nuair a tharlóidh sin, beidh an pinsean bunaithe ar sheirbhís ináirithe iarmhír an duine mar mhúinteoir (i.e. cuirfear na blianta sa bhreis san áireamh chun íocaíocht an phinsin a áireamh).

An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (Ciorclán 6/2013)

Chuir an Litir LG(P) 06/2013 ón Roinn Comhshaoil, Pobal agus Rialtais Áitiúil Scéim um Luathscor Deonach i bhfeidhm d'Údaráis Áitiúla. De réir théarmaí an Chomhaontaithe Chomhchoitinn: Íocaíochta Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí den 28 Meitheamh 2012 mar

a shonraítear thuas, is coinníoll den Scéim Spriocdhírthe um Luathscor Deonach sin nach mbeidh fostaithe i dteideal a bheith fostaithe arís i bhforas Seirbhíse Poiblí ar bith [mar a shainmhínítear sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Leas an Phobail 2009-2011 agus in Acht na bPinsean Seirbhíse Poiblí 2012 (Scéim Shingil agus Forálacha Eile)] ar feadh tréimhse dhá bhliain ón dáta a fhágann siad faoin Scéim sin. Beidh na coinníollacha sin i bhfeidhm sa chás go mbaintear feidhm as seirbhís ar bhun conartha (mar chonraitheoir nó mar fhostaí de chuid conraitheora).

Dearbhú

Ceanglófar ar iarratasóirí a dhearbhú ar bhain siad leas roimhe seo as scéim luathscóir dhreasaithe de chuid na seirbhíse poiblí agus/nó as an gcomhaontú comhchoiteann thuasluaite. Ceanglófar ar iarratasóirí freisin aon teidlíocht i leith sochar pinsin Seirbhíse Poiblí (atá á íoc nó atá forchoimeáda) ó aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí eile a dhearbhú agus/nó i gcás ina bhfuair siad íocaíocht in áit seirbhíse in aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí.

Rogha Fostaí

Mar an Rogha Fostóra tá go leor beartas solúbtha agus oiriúnach do theaghlaigh ag an Státseirbhís e.g. Comhroinnt Oibre, Bliain Oibre níos Giorra, Cianobair (á n-oibriú ar bhonn 'cumaisc'), etc. Is féidir iarratas a dhéanamh ar gach beartas rognach de réir na bhforálacha reachtúla ábhartha agus tá siad faoi réir riachtanais ghnó na heagraíochta.

Tá scéim Soghluaiseachta á hoibriú ag an Státseirbhís freisin le haghaidh na ngrád seirbhíse ginearálta go léir. Soláthraítear leis an scéim sin deiseanna gairme don fhoireann chun taithí a fháil orthu, agus páirt a ghlacadh i ról éagsúla ar fud réimse eagraíochtaí agus suíomhanna geografacha de chuid na Státseirbhíse.

Príomhchoinníollacha Seirbhíse

Eolas Ginearálta

Is ceapachán i bpost buan sa Státseirbhís atá i gceist, agus tá sé faoi réir Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse 1956 go dtí 2005, an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004, agus aon Achta eile atá i bhfeidhm faoi láthair a bhaineann leis an Státseirbhís.

Tuarastal agus Socruithe Íocaíochta

Bainfidh *Gnáthscála Tuarastail* an Oifigigh Riaracháin leis an bpost seo:

Ranníocaíocht Phearsanta Phinsin (RPP)

Is é seo a leanas an tuarastal don phost seo, le héifeacht ón 01 Deireadh Fómhair 2023:

€40,768	€43,464	€44,236	€47,613	€51,950	€55,395	€58,977
€62,606	€66,233	€69,849	€72,353(LSI-1)		€75,789(LSI-2)	

Beidh feidhm ag an ráta pá RPP seo sa chás go bhfuil sé de cheangal ar an duine aonair Ranníocaíocht Phearsanta Phinsin a íoc (ar a dtugtar, leis, ranníocaíocht phríomhscéime) a dhéanamh i gcomhréir le rialacha a bpríomhscéime/scéime pearsanta aoisliúntais. Ní hionann sin agus ranníocaíocht maidir le ballraíocht i Scéim Pinsin Chéilí agus Leanaí, nó Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise (RAB).

Beidh ráta difriúil i bhfeidhm nuair nach bhfuil sé de cheangal ar an gceapaí Ranníocaíocht Phearsanta Phinsin a dhéanamh.

D'fhéadfadh incrimintí fadseirbhíse a bheith iníoctha tar éis 3(LSI1) agus 6(LSI2) bliana de sheirbhís shásúil ar uasmhéid an scála.

Nóta Tábhachtach: Tiofadh an té a cheapfar isteach ag íospointe an scála agus ní dhéanfar aon idirbheartaíocht ina leith sin agus féadfar ráta an luacha saothair a athrú ó am go ham de réir bheartas pá an Rialtais. D'fhéadfadh go mbeadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla i gceist má tá tú ag obair mar Státseirbhíseach nó Fostaí sa tSeirbhís Phoiblí faoi láthair. Faoi réir feidhmíocht shásúil an fhostaí, féadfaidh sé go mbeidh incrimintí iníoctha de réir an Bheartais Rialtais reatha.

Comhaontóidh tú go ndéanfaidh tú aon ró-íocaíocht tuarastail, liúntas nó speansas a aisíoc de réir Chiorclán 07/2018: Aisghabháil Ró-Íocaíochtaí Tuarastail, Liúntas agus Speansas a rinneadh le Comhaltaí Foirne/Iar-Chomhaltaí Foirne/Pinsinéirí.

Tionacht agus promhadh

Is ceapachán chuig post buan i Státseirbhís an Stáit atá ann. Ceanglófar ar an gceapaí dul faoi thréimhse phromhaidh. Mairfidh an tréimhse phromhaidh bliain amháin ón dáta a bheidh sonraithe ar an gconradh.

Le linn thréimhse do chonartha promhaidh, déanfaidh do mhaoirseoir(i) athbhreithniú ar d'fheidhmíocht chun na nithe seo a leanas a chinneadh:

- (i) Gur fheidhmigh tú go sásúil,
- (ii) Gur léirigh tú iompraíocht shásúil, agus
- (iii) Go bhfuil tú oiriúnach don phost ó thaobh na sláinte de, agus aird ar leith ar shaoire bhreiteachta.

Roimh chríochnú an chonartha promhaidh, déanfar cinneadh maidir le tú a choinneáil nó gan tú a choinneáil de bhun Alt 5A(2) d'Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse 1956–2005. Beidh an cinneadh sin bunaithe ar d'fheidhmíocht arna meas de réir na gcritéar a leagtar amach ag (i) go dtí (iii) thuas. Míneoidh an Roinn/Oifig sonraí an phróisis phromhaidh duit agus tabharfar cóip de threoirínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe duit maidir le promhadh.

D'ainneoin na n-alt thuas sa chuid seo, féadfaidh páirtí ar bith an conradh promhaidh a scor am ar bith roimh dheireadh théarma an chonartha, i gcomhréir leis na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go dtí 2005.

Sna cúinsí seo a leanas, féadfar síneadh a chur le do chonradh agus do thréimhse phromhaidh a chur ar fionraí.

- › Cuirtear an tréimhse phromhaidh ar fionraí nuair a bhíonn fostaí as láthair mar gheall ar Shaoire Mháithreachas nó ar Shaoire Uchtaíoch.
- › Maidir le fostaí a bheith as láthair ar Shaoire Thuismitheoireachta nó ar Shaoire Chúramóra, féadfaidh go n-éileoidh an fostóir go gcuirfí an tréimhse phromhaidh ar fionraí más amhlaidh nach meastar go bhfuil an asláithreacht ag teacht le leanúnachas an phromhaidh agus
- › Foráil reachtúil ar bith eile ar choinníoll -

- (i) go gcuirfear an tréimhse phromhaidh ar fionraí i rith asláithreachta an fostaí ón obair, agus
- (ii) go gcuirfidh an fostaí an tréimhse phromhaidh i gcrích nuair a fhillfidh siad ar an obair i ndiaidh asláithreachta den chineál sin.

Sa chás go gcuirtear tréimhse phromhaidh ar fionraí, ba cheart don fhostóir an fostaí a chur ar an eolas faoi na cúinsí a bhaineann leis an bhfionraí.

Déanfaidh gach ceapaí tréimhse phromhaidh a mhairfidh aon bhliain amháin. I gcás ceapaí nach sásaíonn coinníollacha an phromhaidh agus a bhí ag fónamh mar státseirbhíseach díreach roimh a gceapachán ón iomaíocht seo, is iondúil go bpléifear a bhfillleadh ar an bpost a bhí acu roimhe sin. I gcás a bhfillte, fillfidh oifigeach ar fholúntas sa ghrád a bhíodh acu roimhe sin sa Roinn dheireanach inar oibrigh siad.

Fostaíocht Sheachtrach

Post lánaimseartha a bheidh sa phost agus ní cheadófar don cheapaí tabhairt faoi chleachtas príobháideach ná aon nasc a bheith acu le haon ghnóthas seachtrach a rachadh salach ar a gcuid dualgas oifigiúil, a chuirfeadh as dá bhfeidhmíocht ná dá n-ionracas.

Ceanncheathrú

Tá Ceanncheathrú Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas lonnaithe ag 16-22 Sráid na Faiche, Baile Átha Cliath 7.

Suíomh

Is i mBaile Átha Cliath a bheidh an post. Le linn don cheapaí a bheith as láthair ón mbaile agus ón gceanncheathrú ar dhualgas oifigiúil is amhlaidh a íocfar costais taistil agus liúntais chothabhála iomchuí leis an gceapaí, faoi réir ghnáthrialacháin na státseirbhíse. Feidhmíonn CÉCDC Beartas Oibre Cumaisc ina gceanglaítear ar gach fostaí oibriú san Oifig dhá lá sa tseachtain ar a laghad agus féadfar iarratas a dhéanamh ar chianobair suas le trí lá in aghaidh na seachtaine. Ceadaítear leis an mbeartas freisin oibriú go cianda ar feadh tréimhse nach

faide ná mí amháin ó thír eile san Aontas Eorpach nó sa Bhreatain. Feidhmíonn Beartas Oibre Cumais CÉCDC ar bhonn Uile-Oileáin (Éire).

Uaireanta Freastail

Socrófar uaireanta freastail ó thráth go chéile ach ní bheidh siad níos lú ná 41 uair agus 15 nóiméad, comhlán, sa tseachtain nó 35 uair an chloig glan in aghaidh na seachtaine. Beidh ar an iarratasóir rathúil na huaireanta breise sin a oibriú ó thráth go chéile de réir mar a bheidh réasúnta agus riachtanach chun tabhairt mar is ceart faoina ndualgais faoi réir na dtorainneacha arna leagan síos sna rialacháin ama oibre. Sa chás go bhfuil freastal breise riachtanach, ceadófar íocaíochtaí ragoibre, nó am saor ina ionad, de réir rialacháin ragobair na Státseirbhíse.

Saoire Bhliantúil

Is é 25 lá sa bhliain a bheidh sa liúntas do shaoire bhliantúil (ag ardú go 29 lá tar éis 5 bliana seirbhíse, 30 lá tar éis 10 mbliana seirbhíse). Tá an liúntas sin faoi réir na ngnáthchoinníollacha maidir le saoire bhliantúil a cheadú sa státseirbhís, bunaithe ar sheachtain cúig lá agus ní áirítear ann na gnáthlaethanta saoire poiblí.

Saoire Bhreiteachta

Sa chás nach ann d'aon fhianaise i leith míchumas buan chun seirbhís a sholáthar, féadfar pá ar bhonn pro-rata a íoc le linn saoire breiteachta atá deimhnithe i gceart, de réir fhorálacha na gclár lena mbaineann. Ceanglófar ar oifigigh a bheidh ag íoc ÁSPC ag ráta Aicme A sainordú a shíniú lena dtabharfar údarás don Roinn Coimirce Sóisialaí aon sochair atá dlíte faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc go díreach le Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas. Beidh íocaíocht le linn breiteachta faoi réir an t-oifigeach a dhéanann na héilimh riachtanacha ar shochar árachais shóisialaigh leis an Roinn Coimirce Sóisialaí laistigh de na teorainneacha ama riachtanacha.

Sicréideacht, Rúndacht agus Caighdeán Iompair:

Sicréideacht agus Sláine Oifigiúil:

Le linn théarma an chonartha promhaidh, beidh an sealbhóir poist faoi réir Fhorálacha an Achta um Rúin Oifigiúla, 1963, arna leasú ag an Acht um Shaoráil Faisnéise 2014.

Comhaontóidh an sealbhóir poist gan aon fhaisnéis rúnda a nochtadh do thríú páirtithe neamhúdraithe i rith nó ina dhiaidh na tréimhse fostaíochta.

Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse

Beidh an ceapaí faoi réir Chód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse.

Na hAchtanna um Eitic in Oifig Phoiblí

Beidh feidhm ag na hAchtanna um Eitic in Oifig Phoiblí sa chás gurb iomchuí, leis an gceapachán seo.

Réamhcheadú foilseachán

Comhaontóidh oifigeach gan ábhar a fhoilsiú i ndáil lena ndualgais oifigiúla gan cead roimh ré a fháil ó Cheann na Roinne/na hEagraíochta nó ó oifigeach údaraithe iomchuí eile.

Gníomhaíocht Pholaitiúil

Le linn an téarma fostaíochta, beidh an t-oifigeach faoi réir na rialacha a rialáonn státseirbhísigh agus an pholaitíocht.

Aoisliúntas agus Scor

Tairgfear na téarmaí agus na coinníollacha cuí aoisliúntais don cheapaí faoi mar a bheidh i réim sa tSeirbhís Phoiblí tráth a dtairgfear an ceapachán dóibh. I gcoitinne, tabharfar tairiscint do cheapaí nár oibrigh riamh sa tSeirbhís Phoiblí bunaithe ar bhallaíocht i Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (“Scéim Aonair”). Féadtar teacht ar shonraí iomlána na Scéime ag <https://singlepensionscheme.gov.ie/>

Sa chás go raibh an ceapaí fostaithe i bpost seirbhíse poiblí inphinsin (téarmaí Scéime nach Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair í) sna 26 seachtaine dheireanacha sular ceapadh iad nó go bhfuil siad ar sos gairme nó ar shaoire speisialta le pá/gan phá, féadfaidh téarmaí difriúla a bheith i bhfeidhm. Bunófar teidlíocht phinsin na gceapaithe siúd i gcomhthéacs a stair fostaíochta sa tseirbhís poiblí.

Is iad seo a leanas na príomhfhórlacha a bhaineann le ballraíocht sa Scéim Aonair:

- › **Aois Inphinsin:** Is ionann an aois íosta ag a mbíonn pinsean iníoctha agus an aois incháilitheachta don Phinsean Stáit, 66 bliana d'apos faoi láthair;
- › **Aois Scoir:** Ní mór do comhaltaí na Scéime dul ar scor nuair a bhaineann siad aois 70 bliain amach.
- › Úsáidtear meántuarastal gairmréime chun sochair a ríomh (fabhraíonn pinsean agus cnapshuim gach bliain agus déantar iad a uas-rátáil gach bliain faoi threoir Phraghasinnéacs Tomhaltóirí (CPI)).
- › Tá méaduithe pinsin i ndiaidh scoir nasctha le CPI.

Lacáiste Pinsin

- › Má bhí an ceapaí fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus pinsean á fháil acu ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Phoiblí nó sa chás go dtagann pinsean Státseirbhíse nó na Seirbhíse Poiblí le bheith iníoctha le linn a n-athfhostaíochta beidh an pinsean sin **faoi réir lacáiste** i gcomhréir leis an Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. **Tabhair do d'Aire: Agus tú ag cur isteach ar an bpost seo aithníonn tú go dtuigeann tú go mbeidh feidhm ag na forálacha maidir le lacáiste, i gcás inarb ábhartha. Ní mheastar go dtacóidh an Roinn/Oifig i mbun fostaíochta le hiarratas ar tharscaoileadh lacáiste maidir le ceapacháin chuig an bpost seo.**
- › Mar sin féin, má bhí an ceapaí fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus pinsean á fháil acu faoi shocruithe um luathscor deonach (seachas an Scéim Luathscoir Dhreasaithe (SLD) nó faoi Chiorclán 7/2010 VER/VRS ón Roinn Sláinte nó faoi Chiorclán LG(P) 06/2013 ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, a mbíonn duine neamh-incháilithe don iomaíocht faoi aon cheann díobh) cuirfear deireadh leis an teidlíocht don pinsean sin le héifeacht ó dháta an athcheapacháin. Is féidir socruithe speisialta a dhéanamh, áfach, chun seirbhís a mheas a sholáthair an ceapaí roimhe seo ar mhaithe le haon bhronnadh aoisliúntais amach anseo a bhféadfadh an ceapaí a bheith ina theideal amach anseo.

- › **Ciorclán 102/2007 ón Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí**
- › Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna isteach Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí. Coinníoll den Scéim Luathscoir is ea é, seachas i gcásanna a leagtar amach in alt 10.2 agus 10.3 den cháipéisíocht ábhartha chiorcláin, agus sna cásanna eisceachtúla sin amháin, má ghlacann múinteoir le luathscor faoi Snáitheanna 1, 2 nó 3 den scéim seo agus agus má fhostaítear ina dhiaidh sin iad in aon cháil in aon réimse den earnáil phoiblí, cuirfear deireadh láithreach le pinsean a íoc leis an duine sin faoin scéim sin. Cuirfear tús arís le híocaíochtaí pinsin áfach nuair a thioctaidh fostaíocht dá leithéid chun críche nó ar bhreithlá 60 bliain d’aois an duine, cibé acu is déanaí, ach ar a atosú, bunófar an pinsean ar sheirbhís inríofa iarbhír an duine mar mhúinteoir (i.e. ní chuirfear na blianta a rinneadh a chomhaireamh roimhe seo san áireamh nuair a ríomhtar íocaíocht an phinsin).

Scor de dheasca Dhrochshláinte

Tabhair do d’aird nach mór d’aon duine a chuaigh ar scor roimhe seo de dheasca drochshláinte faoi théarmaí scéime aoisliúntais, a dhearbhú, ag céim thosaigh an iarratais, don eagraíocht a bhfuil an iomaíocht earcaíochta á riar aici, go bhfuil an pinsean sin á fháil acu.

Beidh ar iarratasóirí freastal ar Oifig an Phríomhoifigigh Sláinte ionas ndéanfar measúnú ar a gcumas seirbhís rialta agus éifeachtach a sholáthar agus aird ar an riocht a cáilíodh do scor iad mar gheall ar dhrochshláinte.

Ceapachán tar éis scor ón Státseirbhís de dheasca drochshláinte

Má éiríonn lena n-iarratas tríd an iomaíocht, is gá don iarratasóir na rudaí seo a leanas a thabhairt ar aird:

1. Má mheastar go bhfuil ar a gcumas seirbhís rialta éifeachtach a sholáthar agus má shanntar do phost iad, cuirfear stop lena bpinsean státseirbhíse de dheasca drochshláinte.

2. Má theipeann ar an iarratasóir ina dhiaidh sin an tréimhse phromhaidh a thabhairt chun críche nó má chinneann siad an post a sannadh dóibh a fhágáil, ní féidir leo filleadh ar stádas scoir de dheasca drochshláinte, ná ní féidir pinsean scoir mar gheall ar dhrochshláinte na státseirbhíse a íoc arís, arb ann dó sula ndearnadh an t-iarratas ná níl aon teidlíocht ann ina leith.
3. Tabharfar ballraíocht i Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí (SPASP) don iarratasóir nuair a cheaptar iad má bhí breis agus 26 seachtain de shos ina seirbhís phoiblí/státseirbhís inphinsin.

Ceapachán i ndiaidh don iarratasóir dul ar scor ón tseirbhís phoiblí de dheasca drochshláinte

1. Nuair a d'imigh duine aonair ar scor ó chomhlacht seirbhíse poiblí de dheasca easláinte, b'fhéidir go mbeidh a bpinsean de dheasca drochshláinte ón bhfostaíocht sin faoi réir athbhreithniú i gcomhréir leis na rialacha maidir le scor de dheasca drochshláinte faoin scéim sin.
2. Má éiríonn leis an iarratasóir, beidh ar an iarratasóir, ar cheapadh dóibh, a dhearbhú cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil pinsean seirbhíse poiblí (pinsean de dheasca drochshláinte nó pinsean eile) á fháil acu agus d'fhéadfadh a bpinsean seirbhíse poiblí a bheith faoi réir lacáiste.
3. Déanfar ball de Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí (SPASP) den iarratasóir nuair a cheaptar iad má bhí breis agus 26 seachtain de shos ina seirbhís phoiblí/státseirbhís inphinsin.

Tabhair do d'aird go bhfuil eolas níos mionsonraithe ar fáil tríd [an nasc seo](#) nó arna iarraidh sin ar an SCP i ndáil leis na himpleachtaí pinsin dóibh siúd a bhfuil pinsean státseirbhíse nó seirbhíse poiblí de dheasca drochshláinte á fháil acu.

Fabhrú Pinsin

Is féidir teorainn 40 bliain ar an tseirbhís iomlán is féidir a chur san áireamh i dtreo pinsin nuair a bhí duine mar bhall de bhreis agus scéim pinsean aonair seirbhíse poiblí amháin (i.e. Scéim nach Scéim Aonair í), faoi mar a shonraítear in Acht 2012. Foráiltear don teorainn 40 bliain sin san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

D'fhéadfadh sé sin impleachtaí a bheith aige d'aon cheapaí a ghnóthaigh cearta pinsin i bhfostaíocht seirbhíse poiblí roimhe seo.

Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise

Tá an ceapachán seo faoi réir asbhaint na Ranníocaíochta Aoisliúntais Bhreise (RAB) i gcomhréir leis an Acht um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí 2017. **Tabhair do d'aire:** Tá asbhaintí RAB sa bhreis ar aon ranníocaíochtaí pinsin (ranníocaíochtaí príomhscéime agus ranníocaíochtaí céilí agus leanaí) atá ag teastáil faoi rialacha do scéime pinsin.

Chun teacht ar thuilleadh faisnéise maidir le Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí féach an láithreán gréasáin seo a leanas - www.singlepensionscheme.gov.ie.

Coinníollacha Eile Fostaíochta

Is éard atá sa mhéid thuas ná príomhchoinníollachta na seirbhíse agus agus ní bheartaítear go mbeidh an liosta cuimsitheach de na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta go léir i gceist leis a leagfar amach sa chonradh fostaíochta lena gcomhaontófar leis an gceapaí.

Conas Iarratas a Dhéanamh

Ba cheart do gach iarratasóir féachaint ar www.ihrec.ie/about/opportunities, áit a bhfuil liosta iomlán na bpost atá ar fáil ag CÉCDC agus an leabhrán eolais lena mbaineann i gcás gach poist, ar fáil lena n-íoslódáil.

Ba cheart iarratais a sheoladh ar ríomhphost agus ní mór an méid a leanas a áireamh leo:

- › Foirm Iarratais chomhlánaithe ina dtugtar cuntas ar an bhfáth gur mian leat go ndéanfar breithniú ort don phost agus an fáth go gceapann tú go sásaíonn do scileanna agus taithí na riachtanais don phost

Ní ghlacfar isteach san fheachtas ach le hiarratais a seoladh ar aghaidh go hiomlán.

Chun iarratas a dhéanamh ar an ról seo, ní mór d'iarrthóirí an fhoirm iarratais ábhartha shínithe agus chomhlánaithe a sheoladh chuig ihrec@osborne.ie

Dáta Deiridh

Spríocdháta d'iarratais: Tabhair do d'aire gurb é **Dé Céadaoin an 3 Meitheamh 2026 ag 1 i.n.** an dáta is déanaí ar a nglacfar le hiarratais. Ní ghlacfar le hiarratais neamhiomlána, iarratais a dhéantar sa phost ná le CVanna. Ní dhéanfar breithniú ar aon iarratais a gheofar i ndiaidh an dáta agus ama deiridh.

Eiseofar ríomhphost admhála le haghaidh gach iarratais a gheofar. Mura bhfuil admháil faighte agat ar d'iarratas laistigh de dhá oibre i ndiaidh duit é a sheoladh ar aghaidh, déan teagmháil le ihrec@osborne.ie lena chinntiú go bhfuarthas d'iarratas.

Agallaimh

Meastar go réachtálfar na hagallaimh ar bhonn a bheith i láthair ann go pearsanta an **tseachtain dar tús an 6 Iúil 2026**. Ba cheart d'iarratasóirí a bheith ar fáil ar an dáta/na dátaí a shonróidh CÉCDC, agus ba cheart dóibh a chinntiú go bhfuil na sonraí teagmhála a shonraítear ar a bhfoirm iarratais ceart agus cruinn.

Próiseas Roghnúcháin

Féadfar an méid seo a leanas a áireamh leis an bPróiseas Roghnúcháin:

- › Gearrliostú iarratasóirí bunaithe ar an eolas a fhaightear ina n-iarratas
- › Agallamh tosaigh/réamhagallamh
- › Cur i láthair nó cleachtaí eile
- › Agallamh iomaíoch deiridh
- › Tástálacha nó cleachtaí ar bith eile a mheasfaí a bheith oiriúnach

Comhionannas agus Éagsúlacht

Tá CÉCDC tiomanta do chomhionannas deiseanna i gcás daoine a dhéanann iarratas ar phost. Féachaimid le deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus cearta an duine gach aon duine a chosaint mar chuid dár n-oibleagáid reachtúil faoi Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014. Glacaimid orainn lucht saothair éagsúil a chothú, atá ionadaíoch do shochaí na hÉireann. Tá sé mar aidhm againn timpeallacht oibre ionchuimsitheach a chruthú ina léirítear meas ar ár ndifríochtaí agus ina léirítear luach ar gach duine aonair. **Cuirimid fáilte mhór roimh iarratais ó ghrúpaí a ndéantar tearcionadaíocht dóibh, iarrthóirí atá mar chuid de phobail mhionlaigh agus uathu siúd a bhfuil éagsúlacht fhairsing chúlraí agus eispéireas acu.**

Cóiríocht Réasúnta

Fostóir comhdheiseanna is ea CÉCDC agus cuirtear fáilte roimh iarratais ó dhaoine atá faoi mhíchumas.

Cuirfear cóiríocht réasúnta ar fáil chun tacú le daoine faoi mhíchumas páirt a ghlacadh san iomaíocht seo. Déan teagmháil le accessihrec@osborne.ie chun a chinntiú go bhfaightear an t-eolas madir le do shainriachtanais agus gurb eol iad ag céim an iarratais agus roimh an agallamh / an tástáil. Cuirfear cóiríocht réasúnta ar fáil, a fhreastalóidh ar riachtanais an duine aonair a mhéid agus is féidir.

Rúndacht

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, caithfear le hiarratais faoi rún daingean.

Imréiteach Slándála

Lorgófar grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána i leith daoine aonair a bheidh á mbreithniú le haghaidh ceapacháin. Beidh ar an iarratasóir foirm Ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a chomhlánú agus a chur isteach sa chás go mbeidh siad faoi bhreithniú le haghaidh ceapacháin. Seolfar an fhoirm sin chuig an nGarda Síochána le haghaidh seiceálacha slándála ar gach seoladh in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann inar chónaigh siad.

Eolas Tábhachtach Eile

Ní bheidh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas freagrach as aon chostas a thabhoídh iarratasóirí.

Níor cheart glacadh leis, má cheadaítear do dhuine cur isteach ar iomaíocht, nó má thugtar cuireadh dóibh freastal ar agallamh, nó má thugtar fógra don duine sin gur bhain siad toradh rathúil amach, go bhfuil Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas sásta go gcomhlíonann an duine sin na riachtanais nó nach bhfuil sé/sí dícháilithe faoin dlí an post a shealbhú agus ní sholáthraítear ráthaíocht leis go ndéanfar breithniú breise ar d'iarratas. Tá sé tábhachtach, mar sin, go dtabharfá ar aird go bhfuil sé de dhualgas ort a áirithiú go gcomhlíonann tú na ceanglais incháilitheachta don chomórtas sula bhfreastalaíonn tú ar agallamh. Mura gcomhlíonann tú na buncheanglais iontrála sin, ach go bhfreastalaíonn tú dá ainneoin sin ar agallamh - is amhlaidh a bheidh tú ag cur costais gan ghá ort féin.

Sula ndéanfar moladh faoi iarratasóir ar bith a cheapadh don phost seo, déanfaidh CÉCDC gach fiosrú a mheastar a bheith riachtanach le hoiriúnacht an iarrthóra sin a chinneadh. Go dtí go gcuirfear gach céim den phróiseas earcaíochta i gcrích go hiomlán, ní féidir cinneadh

deireanach a dhéanamh ná ní féidir é a mheas ná a thabhairt le tuiscint go bhfuil cinneadh mar sin déanta.

Má dhiúltaíonn an té a mholtar le haghaidh ceapacháin glacadh leis an bpost nó tar éis glacadh leis, má fhágann siad é nó má thagann folúntas breise chun cinn, féadfaidh CÉCDC, faoina lánrogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh lena cheapadh, bunaithe ar thorthaí an phróisis roghnúcháin seo.

Ceartha Iarratasóirí - Nósanna Imeachta Athbhreithnithe agus Gearán maidir leis an bPróiseas Roghnúcháin

Breithneoidh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas iarrataí ar athbhreithniú agus ar ghearán i gcomhréir le forálacha an chóid cleachtais arna fhoilsiú ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP).

Féadfaidh iarratasóir iarraidh a dhéanamh ar athbhreithniú sa chás go mbíonn siad míshásta le gníomh nó cinneadh arna dhéanamh ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (CÉCDC). Déanfaidh CÉCDC breithniú ar iarrataí ar athbhreithniú i gcomhréir le forálacha Mhír 7 den Chód Cleachtais, *Ceapacháin chun Poist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí* arna fhoilsiú ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (an Coimisiún). Agus iarraidh á déanamh ar athbhreithniú, ní mór don iarratasóir tacú lena n-iarraidh trí chuntas a thabhairt ar na fíorais a léiríonn, dar leo, go raibh an beart a glacadh nó an cinneadh a rinneadh mícheart. Seans go ndiúltofar iarraidh ar athbhreithniú mura bhfuil an t-iarratasóir in ann tacú lena n-iarraidh.

Molann CÉCDC, faoi réir chomhaontú an iarrthóra, i gcás go gceapann an sealbhóir oifige (Stiúrthóir CÉCDC, sa chás seo) gur féidir an scéal a réiteach, gur cheart iarracht a dhéanamh ar dtús an scéal a réiteach ar bhonn neamhfhoirmiúil, sula mbaintear leas as an nós imeachta i ndáil le hathbhreithniú foirmiúil.

Nós Imeachta maidir le hAthbhreithniú Neamhfhoirmiúil

Ní mór iarraidh ar Athbhreithniú Neamhfhoirmiúil a dhéanamh laistigh de 5 lá oibre ón dáta a cuireadh an cinneadh in iúl, agus de ghnáth, tarlaíonn sé idir an t-iarratasóir agus ionadaí de chuid CÉCDC a raibh príomhról acu sa phróiseas roghnúcháin.

Sa chás go mbaineann an cinneadh atá á chur in iúl le céim eatramhach de phróiseas roghnúcháin, ní mór an iarraidh ar athbhreithniú neamhfhoirmiúil a fháil laistigh de 2 lá oibre i ndiaidh an dáta a fhaightear an cinneadh;

Sa chás go bhfuil iarratasóir fós míshásta i ndiaidh tabhairt faoin bplé neamhfhoirmiúil sin, féadfaidh siad aghaidh a thabhairt ar na nósanna imeachta foirmiúla a leagtar amach thíos.

Más mian leis an iarrthóir go ndéileálfar leis an gceist trí athbhreithniú foirmiúil, ní mór dóibh amhlaidh a dhéanamh laistigh de 2 lá oibre i ndiaidh go bhfógraítear toradh an athbhreithnithe neamhfhoirmiúil.

Nós Imeachta maidir le hAthbhreithniú Foirmiúil

Ní mór don iarratasóir aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní maidir leis an bpróiseas i scríbhinn chuig CÉCDC, agus breac-chuntas a thabhairt ar na fíorais a léiríonn, dar leo, gur mícheart a bhí gníomh a rinneadh nó cinneadh ar thángthas air.

Ní mór athbhreithniú a iarraidh laistigh de 5 lá oibre ó dháta an fhógra faoin gcinneadh roghnúcháin. Sa chás go mbaineann an cinneadh le céim eatramhach den phróiseas roghnúcháin, ní mór an iarraidh ar athbhreithniú a bheith faighte laistigh de 4 lá oibre.

Ní dheonófar aon síneadh a chur ar na teorainneacha sonraithe ama ach amháin sna cúinsí is eisceachtúla agus faoi lánrogha aonair Stiúirthóir CÉCDC, agus é/í sin amháin.

De ghnáth, ní mór an cinneadh a chur in iúl don iarratasóir chomh luath agus is féidir ach, ar chaoi ar bith, laistigh de 25 lá oibre i ndiaidh an iarraidh ar athbhreithniú a fháil.

Nós Imeachta maidir le Gearáin

D'fhéadfadh iarrthóir a chreidiúint gur sháraigh CÉCDC Cód Cleachtais an Choimisiúin a d'fhéadfadh baint d'iomláine an chinnidh a rinneadh sa phróiseas ceapacháin. Ligeann an próiseas gearán d'iarratasóirí (nó d'iarratasóirí féideartha) gearán a dhéanamh faoi Alt 8 leis an CÉCDC sa chéad ásc ar bhonn neamhfhoirmiúil nó foirmiúil. Tabharfaidh athbhreithneoir neamhspleách CÉCDC faoi athbhreithniú foirmiúil.

Ba cheart líomhaintí gur sáraíodh an Cód Cleachtais a sheoladh i scríbhinn, agus laistigh d'achar ama réasúnta, go CÉCDC ar an gcéad dul síos. Ní mór don ghearánach cuntas a thabhairt ar na fíorais a chreideann siad a thaispeánann go raibh an próiseas ar tugadh faoi mícheart. Ina theannta sin ní mór don ghearánach an ghné den Chód a shainaithint a chreideann siad a sáraíodh agus aon cháipéisíocht ábhartha a chur faoi iamh a d'fhéadfadh

tacú leis an líomhain. Féadfar gearán a chealú mura féidir leis an ngearánach tacú lena líomhaintí trína leagan amach conas nár éirigh le CÉCDC prionsabail an Chóid seo a chomhlíonadh.

Tar éis gearán a fháil, is féidir le CÉCDC an cinneadh a dhéanamh teagmháil a dhéanamh leis an ngearánach ar bhonn neamhfhoirmiúil.

Chun teacht ar eolas breise ar na nósanna imeachta thuas, féach an Cód Cleachtais Ceapacháin chun Poist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí www.cpsa.ie

Níl aon oibleagáid ar CÉCDC próiseas ceapacháin a chur ar fionraí fad a dhéanann sé breithniú ar iarraidh ar athbhreithniú.

Tabhair do d'aire sa chás go ndearnadh athbhreithniú foirmiúil ar phróiseas earcaíochta agus roghnúcháin faoi Mhír 7 den Chód Chleachtais, ní féidir le gearánach athbhreithniú eile ar an bpróiseas eile a lorg faoi Mhír 8, seachas sna himthosca is eisceachtúla, a chinnfidh CÉCDC dá lánrogha féin.

Oibleagáidí ar Iarratasóirí

Ba cheart d'iarratasóirí a thabhairt dá n-aire go ndícháileofar iad agus go n-eisiafar den phróiseas iad má dhéantar stocaireacht ar bith ar a son.

Ní cóir d'iarratasóirí aon cheann de na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- › faisnéis bhréagach a sholáthar go heolach nó go meargánta,
- › stocaireacht a dhéanamh ar aon duine, cé acu má nó mura ndéantar mealladh,
- › cur isteach air ná baint den phróiseas ar bhealach ar bith.

Ní ceadmhach do thríú páirtí pearsanú a dhéanamh ar iarratasóir ag aon chéim den phróiseas.

Duine ar bith a sháraíonn na forálacha thuasluaite nó a chabhraíonn le duine eile na forálacha thuasluaite a shárú, beidh siad ciontach i gcion. Tá duine a fhaightear ciontach i gcion faoi dhliteanas fíneáil a íoc nó téarma a chaitheamh i bpríosún.

Anuas air sin, sa chás gurb iarratasóir i bpróiseas earcaíochta duine a fuarthas ciontach i gcion, dícháileofar iad mar iarratasóir agus fágfar as an áireamh ón bpróiseas iad.

Má fhaightear duine ciontach i gcion agus má ceapadh iad chun poist i ndiaidh an phróisis earcaíochta, bainfead iad ón bpost sin.

Sainchritéir Iarratasóra

Ní mór d'iarratasóirí na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:

- › An t-eolas agus an cumas a bheith acu dualgais an phoist atá i gceist a chomhlíonadh
- › A bheith oiriúnach ó thaobh carachtair de
- › A bheith oiriúnach ar gach bealach eile chun go gceapfar iad leis an bpost atá i gceist; agus, má éireoidh leo, ní cheapfar iad leis an bpost ach sna cásanna a leanas:
- › Aontaíonn siad tabhairt faoi na dualgais a ghabhann leis an bpost agus glacadh leis na coinníollacha faoina gcaithfead na dualgais a chomhlíonadh.
- › Tá siad go hiomlán inniúil agus ar fáil chun tabhairt faoi na dualgais, agus tá ar a gcumas gan stró na dualgais a dhéanamh a bhaineann leis an bpost.

Ag glacadh leis go bhfuil iarratasóir tarraingthe siar

Iarratasóirí nach dtagann chun agallaimh nó scrúdaithe eile san áit agus ag an am a shocróidh CÉCDC, nó nach soláthraíonn an fhianaise sin a iarrann CÉCDC orthu, nuair a iarradh é, maidir le haon cheist atá bainteach lena n-iarrthóireacht, ní bheidh siad i dteideal aon bhreithnithe eile.

Foirmiú Painéil

Foirmeofar painéal d'iarratasóirí rathúla mar thoradh ar na hagallaimh. Féadfar go mbreithneofar iarratasóirí a bhaineann amach áit ar an bpainéal agus a chomhlíonann coinníollacha an phróisis roghnúcháin, laistigh de shaolré an phainéil, le haghaidh folúntas ina dhiaidh sin a d'fhéadfadh teacht chun cinn i gCoimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas. An té a bhaineann an chéad áit amach ar an bpainéal, is iad an chéad iarratasóir a dtairgfear post dóibh, faoi réir ceadanna sásúla, agus mar sin de in ord tuillteanais. Níl sé beartaithe go ndéanfar ceapacháin mar thoradh ar an iomaíocht seo i ndiaidh an 30 Bealtaine 2026.

Ní hionann cáiliú agus áit a fháil ar phainéal agus ráthaíocht go gceapfaí duine i bpost. Nuair a thagtar chomh fada le duine ar an bpainéal, ní dhéantar breithniú orthu de ghnáth ach amháin le haghaidh aon phost amháin. Nuair a cheaptar iarratasóir i bpost, bainfear den phainéal iad agus ní dhéanfar breithniú orthu arís le haghaidh post ar bith eile a thagann chun cinn sa todhcháí.

Cosaint Sonraí

Nuair a fhaightear d'iarratas, cruthaíonn Osborne Recruitment taifead pearsanta thar ceann CÉCDC, i d'ainm, ina gcuimsítear go leor de na sonraí pearsanta a sholáthair tú anuas ar eolas breise a d'fhéadfaí a bhailiú i rith an phróisis roghnúcháin, e.g. deimhniú Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána, tástálacha agus cleachtaí, más bainteach. Ní úsáidtear an taifead pearsanta seo ach chun d'iarrthóireacht a phróiseáil. Tá an phróiseáil seo riachtanach chun dul i mbun beart ar ag d'iarraidh sula n-iontrálfaidh tú conradh fostaíochta. Roinnfear an taifead pearsanta le Osborne Recruitment agus leis an bpainéal agallaimh. Coimeádfaidh CÉCDC an taifead ar feadh 3 bliana ó dheireadh na hiomaíochta agus ag Osborne Recruitment ar feadh 18 mí. Is féidir nótaí an bhoird agallaimh a choimeád ar feadh 30 bliain agus aistrefar ina dhiaidh sin iad chuig an gCartlann Náisiúnta. Ní aistroidh CÉCDC ná Osborne Recruitment do sonraí pearsanta lasmuigh den LEE. Más mian leat aon chinn de do chearta um chosaint sonraí a bhronntar ort faoin RGCS agus faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 2003 - 2018 a chur i bhfeidhm nó má bhíonn aon cheist agat ar chosaint sonraí, déan teagmháil lenár n-oifigeach cosanta sonraí ag dpo@ihrec.ie.

Fostóir comhdheiseanna é Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas agus fáiltítear roimh iarratais ó dhaoine ó chúlraí éagsúla agus ó ghrúpaí a ndéantar tearcionadaíocht dóibh, mionlaigh eitnigh agus daoine faoi mhíchumas ina measc.



Coimisiún na hÉireann um Chearta
an Duine agus Comhionannas
Irish Human Rights and Equality Commission

The Irish Human Rights and Equality
Commission.

16 – 22 Sráid na Faiche,
Baile Átha Cliath, D07 CR20
16 – 22 Green Street,
Dublin, D07 CR20

Guthán / Phone +353 (0) 1 858 3000

Riomhpost / Email info@ihrec.ie

Idirlíon / Web www.ihrec.ie

Instagram: [irishhumanrightsequality](https://www.instagram.com/irishhumanrightsequality)

LinkedIn: Irish Human Rights and Equality
Commission